C/2024/5906

27.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11698 – PROMAN / VALENZ)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5906)

1. An 20 Meán Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Proman AG ('Proman', An Eilvéis),

— Valenz Holding AG ('Valenz', an Eilvéis), faoi rialú comhpháirteach Proman agus MFH Holding GesmbH (an Ostair).

Gheobhaidh Proman rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Valenz ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta é Proman a bhfuil a cheanncheathrú san Eilvéis agus a tháirgeann meatánól. Táirgeann sé leasacháin freisin (níotráit amóiniam agus úiré níotráite amóiniam), chomh maith le mealaimín. Tá Proman gníomhach san Eoraip, i Meiriceá Thuaidh agus Theas agus san Áise. Tá monarchana táirgthe meatánóil Proman lonnaithe sna Stáit Aontaithe, in Óman agus in Oileán na Tríonóide agus Tobága. Seachadann Proman meatánól go heisiach chuig Valenz,

— Is cuideachta é Valenz a bhfuil a cheanncheathrú san Eilvéis, arb é a phríomhghníomhaíocht faoi láthair meatánól Proman a mhargú agus a dháileadh ar chustaiméirí ar fud an domhain.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11698 – PROMAN / VALENZ

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË